



AN FIADHÚLRA

eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie



An Nádúr i do ghairdín Mion-bheithíoch - Inveirteabracha

Tá do ghairdín lán de na hainmhithe is aite agus is neamhgnách ar féidir leat samhlú – tá sé lán le mion-bheithigh. Díreach cosúil linne, níl siad ar fad mar ball den chlann céanna. Sa duilleoigín seo tá mé chun labhairt libh faoi cuid de na mion-bheithigh atá mar bhall den clann inveirteabracha.

Cad atá i gceist leo seo?

Is éard atá i gceist le inveirteabrach ná aon ainmhí ar chor ar bith nach bhfuil cnámh droma ar bith acu – samhlaigh, gan cnámh droma!

Conas breith ar mion-bheithigh

Uaireanta tá sé deacair féachaint mar is ceart ar mion-bheithigh mar go bhfuil fórmhór díobh an-bheag ar fad agus déanann siad iarracht dul i bhfolach orainn. Tá sé uaireanta deacair iad a phiocadh suas chomh maith, mar gur féidir leirciú a dhéanamh leo nó iad a ghortú go héasca. Mar sin, má tá tú ag iarraidh féachaint go mion ar mion-bheithigh ba chóir gaireas ar a ghlaoitear *pútar* a úsáid.

Ábhar a bheidh ag teastáil

- *Dhá sop ólta – ba chóir go mbeadh ceann amháin níos leithne ná an ceann eile. Ba chóir go mbeadh an ceann eile in ann sleamhnú isteach ann.*
- *Píosa 2cm cearnógach de stoca le denier idir 10 agus 20 (riteoga an-mion ar fad)*
- *Roinnt sellotape*



Cad le déanamh


1. *Cuir an píosa riteog thar taobh amháin den sop níos lú.*
2. *Brú an taobh sin isteach sa sop eile go dtí go bhfuil sé leath-slí síos.*
3. *Úsáid an sellotape ansin chun an dá sop a ghreamú le chéile.*
4. *Nuair a thagann tú ar an mion-bheithigh ar a bhfuil tú ag iarraidh breith cur an píosa níos tiubhe den sop tharais agus tarraing anall ar an taobh eile.*

Tarraingeoidh sé seo an mion-bheithigh suas – cuirfidh an stoca bac ort é a ithe!


5. *Cur an mion-bheithigh go cúramach i sothach/bosca de shaghas éigean chun scrúdú a dhéanamh air. Nó is féidir gaireas speisialta a cheannach chun féachaint ar mion-bheithigh sa tslí seo ag a bhfuil gloine formhéadaithe chun an jab a dhéanamh níos éasca.*

Ná úsáid an pútar ar aon rud le cosadh fada fíneálta ar nós pilibín eitre, nó aon rud greamaitheach ar nós seilide. D'fhéadfá iad a ghortú nó a mharú fiú amháin, nó d'fhéadfaidís greamú isteach ann. Ná cur an-iomarca mion-bheithigh sa sothach céanna – tá an baol ann go dtosóidh ceann amháin dóibh ag ithe na cinn eile. Anois féachaimís ar na saghasanna éagsúla mion-bheithigh atá ar fáil i do ghairdín.





Míol Críon Piolla



Míol Críon



Geolbhacha

Míol críon (woodlice)

Tá cosa ag beagnach gach mion-bheithigh gan cnámh droma, agus glaoimid ball den clann artrapad orthu seo, rud a chiallaíonn "cosa ceangailte". An rud atá cúl ar fad faoin ngrúpa seo ná go bhfuil a gcreatlach ar an taobh amuigh dá gcorp. Tá sé ar nós go bhfuil siad ag caitheamh cathéide!

Tá formhór de na créatúirí atá beo ar domhan ina nartrapads. Tá timpeall ar 30 milliún saghasanna éagsúla – níor aimsíomar a fiú leath díobh go fóill!

Tá na míol críon ar cuid dos na nartrapads is fearr liom ar fad. Tá a gcorpanna díreach, ubhcruithach agus, ar nós gach artrapad eile, tá a gcreatlach ar an taobh amuigh agus feidhmíonn sé ar nós cathéide. . Ceapann tromlach an daonra nach bhfuil adc saghas amháin de míol críon ann, ach níl sé seo fíor; tá dhá saghas ann. An céad saghas atá ann ná *pill woodlice*, a rolaíonn suas ina liathróid ar nós gráinneog agus faitíos air. An saghas eile atá ann, glaoitear díreach *míol críon* nó 'woodlice' orthu, agus nuair a chuirtear faitíos orthu seo ligeann siad orthu go bhfuilidís marbh.

Is mion-bheithigh fíor-thábhachtach é an tUasal Míol

Críon. Itheann sé plandaí agus duilleoga marbh, agus beithigh eile a bhfuil i ndiaidh bás a fháil. Cabhraíonn sé iad a bhriseadh suas ina smidiríní bídeacha agus cuireann sé ar ais iad in san ithir ionas gur féidir leis na plandaí i do ghairdín fás go mór agus go láidir – díreach ar nós an *Circle of Life sa Lion King*.

Tá seacht péaraí cosa ag an tUasal Míol Críon, rud a chiallaíonn gur artrapad atá ann, ach tá sé mar ball de grúpa speisialta de artrapadanna ar a glaoitear crústaigh. Cónaíonn beagnach gach crústach atá ann san fharraige. Ceapann an tUasal Portán, an tUasal Gliomach agus an tUasal Ribe Róibéis, atá ar fad mar colceathracha ag an tUasal


Míol Críon, go bhfuil sé an-speisialta go deo mar go gcónaíonn sé ar an dtalamh.

Is ainmhí de chuid na hoíche atá sa tUasal Míol Críon, rud a chiallaíonn nach dtagann sé amach ach amháin san oíche. I rith an lae is féidir é a aimsiú in áiteanna atá fionnuar, fliuch agus dorcha, faoi clocha ná brainsí móra adhmaid, nó faoin craiceann ar crann. Tá fuath aige d'áiteanna tirim agus teolaí. An chúis atá le seo ná go anáilann sé tríd geolbhach, díreach ar nós iasc. Ach ag an am céanna ní maith leis áiteanna atá ró-fhliuch ar nós locháinín – ní iasc é, ní féidir leis snámh!

Oibríonn geolbach trí ocsaigin a sù isteach ón aer, ach ní féidir leo é seo a dhéanamh ach amháin in uisce. Tá a dhóthain uisce ann sna háiteanna fliucha ina chónaíonn an tUasal Míol Críon chun ligean dá gheolbach obair mar is cóir. Áfach má éiríonn a gheolbach ró te agus tirim stopann siad ag obair agus ní féidir leis anáil. Mar sin ba chóir dúinn bheith an cúramach agus muid á scrúdú nach gcoinnimid é ró-fhada, ar fhaitíos go bplúchtar é.

Is máthair an-mhaith í Bean Míol Chríon chomh maith. Iompraíonn sí a linbh timpeall ina bolg go dtí go bhfuil siad beagán níos mó.

Urchair Péist



Diollait/Clitellum




Beidh gloine formhéadaithe ag teastáil uait chun féachaint orthu seo áfach; tá na báibíní fós an-bheag ar fad!

Conas Míol Críon a choimead mar peata?

Is maith linne bheith deas tirim agus teo, agus mar sin is mar sin a choinnímid ár dtithe. Áfach ní féidir leis an tUasal Míol Críon cónaí in áit ar bith atá ró-thirim mar nach mbeidh sé in ann anáil. Mar sin má tá tú ag iarraidh iad a choimead mar peataí b'fhearr é a dhéanamh sa ghairdín. Cur brainse mór ar an talamh – in aice le sceanh nó crann mór is fearr, agus fan. Ar deireadh, lá éigean, nuair a ardaíonn tú an brainse feicfidh tú go bhfuil an tUasal Míol Críon i ndiaidh bogadh isteach; agus an clann ar fad a thógáil leis!

Péisteanna Talún

Is inveirteabracha iad péisteann talún freisin mar nach bhfuil aon



cnámh droma acu. Áfach níl aon cosadh acu agus mar sin ní antrapadanna atá iontu. Glaoimid orthu seo *ainilidí* nó *true worms* mar go bhfuil a gcuid corpanna roinnte in a lán codanna éagsúla, ceann i ndiaidh ceann eile. Tá thart ar 250 codanna ag an tUasal Péist Talún. I bpéisteanna fásta tá roinnt díobh seo clúdaithe ag rud d'arbh ainm an *saddle* nó an *clitellum*.

Uaireanta tá sé deacair rá cé acu taobh atá mar chligin an péist agus cé acu atá mar an eireabal. Níl aon súile nó cluaise aige, agus níl aon srón so-fheicithe aige. Tá a chligin níos géara ná a eireabal atá cothrom agus leathan, ach go minic tá sé deacair rá cé acu ceann atá mar an chligin agus cé acu ceann atá mar an eireabal. Ní féidir bheith cinnte ach oiread fiú má féachann tú air ag bogadh. Is féidir leis bogadh chun tosaigh nó ar cúl. B'fhéidir an slí is fearr chun fáil amach cé acu ceann atá a chligin ná trí an *saddle* a lorg. Tá sé seo i gcónaí níos cóngraí dá chligin.

Tá an tUasal Péist Talún déanta suas, don chuid is mó, de uisce, idir 70% agus 95%, rud atá an-áisiúl ar fad agus é ag déanamh iarracht é fhéin a bhrú trí spásanna beaga, mar nach féidir an-iomarca brú a chur ar uisce! Déan iarracht tú fhéin agus feicfidh tú! Líon balún le huisce agus brú taobh amháin – atann an taobh eile amach!

Caitheann an tUasal Péist Talún formhór a chuid ama ag tocailt trí sreathanna éagsúla d'ithir agus á meascadh le chéile, agus ag tógáil na mílte fada de thollán. Maireann os cionn 3 milliún péist talún in acra amháin de thalamh fear agus is féidir leo timpeall 5000km de thollán a thocailt gach bliain. Tá na tollán seo rí-thábhachtach chun aer a ligean isteach san ithir agus chun ligean d'uisce

draenáil tríd. Tá uisce agus aer ag teastáil ó fréamhacha chun fás.

Agus an tUasal Péist Talún ag tocailt itheann sé ithir agus aon saghas planda nó mion-bheithigh atá an tUasal Míol Críon i ndiaidh fágáil ina dhiaidh. Tá seans maith ann go bhfaca tú, ag am amháin nó ag am eile, carnáiníní beaga de ithir bán ar an féar i do ghairdín. Glaoitear *Worm Casts* orthu seo, agus is éard atá iontu ná cac péist! Níl siad seo déisteanach ar chor ar bith. Tá cac péist an-saibhir ar fad mar ithir agus mothaíonn sé saibhir agus briosc. Tá sé lán de *húmas* atá mar cothaitheachtaí; tá sé seo ag teastáil ó plandaí ionas go bhfásann siad go mór agus go láidir.

Díreach ar nós an tUasal Míol Críon, is ainmhí de chuid na hoíche é an tUasal Péist Talún. Is maith leis freisin bheith tais an t-am ar fad. Ní maith leis an grian – éiríonn sé te agus tirim má fhanann sé amach ann. Nuair atá an aimsir tirim nó an-fhuar toclaíonn sé i bhfad síos sa talamh chun é fhéin a choimead deas fliuch.

Leideanna Chun Féachaint ar Péisteanna

Más maith leat an tUasal Péist Talún a phiocadh suas déan cinnte do lámha a fhliuchadh le uisce fuar i dtosach. Tá ár lámha an te agus tirim; tá siad ar nós fásach mór don péist bocht. Muna fhliuchaimid ár lámha éiríonn an tUasal Péist Talún an te agus tirim agus ansin éiríonn sé an-tinn ar fad.

Agus muid ag piocadh an tUasal Péist talún suas caithimid bheith an-cúramach nach gcuirimid an-iomarca brú. Táimid an-láidir ar fad. Phléascadh balún fiú amháin má chuirtear an-iomarca brú ar!

Cé nach bhfuil súile ag an tUasal Péist Talún is féidir leis fós solas a bhreath. Má tá tú ag iarraidh é a scrúdú san oíche faigh tóirse agus clúdaigh an barr le ceallafán dearg. Mar aon lena lán mion-bheithigh eile ní bhreathann sé solas dearg, agus mar sin is féidir féachaint ar gan cur as dó.

Conas Péistleann a dhéanamh

Sí an fhadhb atá leis an tUasal Péist Talún ná go gcaitheann sé formhór a chuid ama faoin dtalamh, sa chaoi is nach féidir linn féachaint ar na rudaí a bhíonn ar siúl aige. Ligeann péistleann dúinn féachaint ar cad a dhéanann sé agus é faoin dtalamh.

Ábhar a bheidh ag teastáil

- *Sothach mór, mar shampla sothach caifé gan an lipéad.*
- *Roinnt ithir ón ngairdín, múirín, gainneamh agus duilleoga atá ag meath.*
- *Roinnt páipéar nó cartchlár dubh.*
- *Sellotape*
- *3 nó 4 péist talún*

Cad le déanamh

1. *Líon an sothach le sreathanna ailtéarnacha d'ithir, múirín, gainneamh agus duilleoga. I ndiaidh gach sreath cuir beagán uisce ar barr, díreach a dhóthain chun é a dhéanamh tais, ní fliuch.*
2. *Cuir roinnt duilleoga ar barr an sreath déarnach.*
3. *Cuir do chuid péisteanna ar barr na duilleoga*
4. *Ní thaitníonn solas le péisteanna, mar sin clúdaigh an sothach sa pháipéar nó cartchlár dubh agus greamaigh le sellotape.*

5. *Chun féachaint ar cad atá ar bun ag an tUasal Péist Talún bain an clúdach páipéar/cartchlár, ach ná déan dearmad é a chur ar ais.*

Muna chuireann tú an páipéar ar ais fanfaidh na péisteanna i lár an sothach, áit atá breá dorcha. Má chuireann tú an páipéar air tá tú ag spreagadh na péisteanna chun tollánú in aice an gloine. Freisin, ná lig don ithir tirimiú suas; coinnigh é deas tais ach ní fliuch.

Conas breith ar Péist

Seachas do ghairdín a thocailt tá cúpla cleas beaga ar féidir leat úsáid chun breith ar an tUasal Péist Talún. Tagann péisteanna chuig an dromchla i ndiaidh báisteach, dá bhrí sin téigh amach á lorg i ndiaidh ceathanna móra. Nó d'fhéadfá bob a bhualadh orthu ionas go gceapfaidís go bhfuil sé i ndiaidh bheith ag cur báisteach! Líon canna uisce agus doirt ar píosa beag talamh é. Fan tamaillín agus tiocfaidh an tUasal Péist Talún aníos. Má chuireann tú beagán leacht glantúcháin (ar nós Fairy) san uisce oibríonnann chleas seo níos fearr arís. Áfach ná cur an meascán seo ar do phéistleann, mar nach dtaithníonn sé leis na péisteanna; níl sé úsáideach ach chun breith orthu.

Ná déan dearmad, ná úsáid pútar ar an tUasal Péist Talún, b'fhéidir go bhfaighfidh sé greamaithe. Ina ionad sin pioc suas é go han cúramach. Ná déan dearmad do lámha a fliuchadh.

Folmhaigh do phéistleann gach seachtain nó dhó – níl dótain bia ann i gcóir i bhfad, ach is féidir ceann eile a dhéanamh go héasca.

Téacs agus pictiúirí ó Kathryn Finney



Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: (01) 8883910
Lóghlaoch: 1890 200191
Faics: (01) 888 3946
r-phost: info@enfo.ie
www.enfo.ie

Scriobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nionad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údarais Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Printed by Print and Promotions.
Tel: 087 2567205
Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
Iúil 2005

